

Polasaí Príobháideachta agus Fógra Domhanda CWT

Nuashonrú is déanaí i mí Bealtaine 2018

Tá do phríobháideacht rí-thábhachtach

Is comhlacht bhainistíochta taistil é Carlson Wadonlit Travel (CWT Global B.V. Agus a chleamhnaithe, in éineacht le CWT) a oibríonn i go leor tíortha ar fud an domhain. Cuirimid seirbhís taistil agus fáilteachais ar fáil, mar aon le cruinnithe agus ócáidí, seirbhísí dár gcustaiméirí corparáideacha.

Tá CWT tiomanta le bheith follasach agus meas a léiriú do do phríobháideacht arlíne, agus aithníonn muid an gá le cosaint chuí agus bainistíocht a dhéanamh ar shonraí pearsanta a roinneann tú linn.

Tugann an Fógra agus Polasaí Príobháideachta Domhanda seo cur síos ar na sonraí pearsanta a bhíonn bailithe againn, cén úsáid a bhainimid as agus cé lena roinnimid é nuair a chuirimid ár seirbhísí ar fáil agus nuair a thugann tú cuairt ar ár suíomhanna gréasáin agus uirlisí ar líne.

Cén fáth a bhailimid sonraí pearsanta?

Is faisnéis iad na sonraí pearsanta a chuireann inár gcumas thú a aithint le linn ár seirbhísí a sholáthar. Tá an úsáid, próiseáil nó aistriú ar do shonraí pearsanta faoi réir rialacháin ó dhlíthe príobháideachta agus um chosaint sonraí is cuí, mar aon le rialacháin cosúla.

Bailíonn CWT faisnéis phearsanta ó (i) custaiméirí corparáideacha agus baill foirne acu a bhíonn ag taisteal agus ag freastal ar ócáidí, chun comhaontaithe tráchtála a dhéanamh lenár gcustaiméirí, agus (ii) na cuairteoirí agus úsáideoirí a théann go dtí suíomhanna gréasáin CWT. Baineann an bailiúchán faisnéise phearsanta a dhéanaimid le soláthar taistil gnó, fáilteachas agus cruinnithe amhail seirbhísí ócáide, mar shampla:

- Taisteal, iompar agus áirithint fáilteachais;
- Áirithint i gcomhair cruinnithe agus ócáidí, lena n-áirítear suaitheantais agus ábhar oifige a sholáthar;
- Seirbhísí lónadóireachta agus chlosamhairc;
- Cabhair chun cur isteach ar víosa;
- Bainistíocht agus billeáil cuntais;
- Comhréireacht le polasaí taistil an chustaiméara agus tuairisc ar chaiteachais;
- Faisnéis thábhachtach a thabhairt maidir le taisteal, lena n-áirítear cúrsa taistil agus foláirimh, chomh maith le nuashonruithe ar tháirgí CWT agus seirbhísí lena n-áirítear suirbhé sásaimh an chustaiméara;
- Brathadóireacht calaoise agus cosc ar chalaois, lena n-áirítear, más cuí, sciathadh agus coisc slándála, de réir moltaí na ndlíthe is cuí;
- Anailís ar mhargadh inmheánach.

Dá bharr, teastaíonn na sonraí pearsanta a bhailímid chun go bhfeidhmeoidh ár gconradh lenár gcustaiméirí corparáideacha. Ní féidir linn freastal dá gcuid gá agus riachtanais taistil, fáilteachais nó ar chruinnithe gan é.

Bailímid freisin faisnéis teagmhála gnó chun cuspóra margaióchta díriú (curtha síos faoin bhFógra maidir le Margaiócht Dhíreach).

Cén fhaisnéis phearsanta a bhailímid?

Is iad na sonraí pearsanta a bhailímid chun na cuspóra thuasluaite ná: ainm, sloinne, uimhir ghutháin, r-phost agus seoladh baile, ainm an chomhlachta, inscne, dáta breithe, bealaí íocaíochta agus uimhreacha chárta creidmheasa, roghanna taistil má chuirtear iad in iúil (suíochán, béile, caitheamh tobac, seirbhísí speisialta, srl.), sonraí pas agus víosa, Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chomh maith le faisnéis neasghaoil.

Bailíonn CWT faisnéis teagmhála freisin ó chuirteoirí chuig suíomhanna gréasáin CWT tríd na foirmeacha "Labhair Linn", ina bhfuil réimsí i gcomhair ainm, sloinne, uimhreach ghutháin, r-phost agus seoladh baile, ainm an chomhlachta.

Conas a bhailímid nó a fhaigheann muid faisnéis phearsanta?

Le linn ár gcustaiméirí corparáideacha a sholáthar le haghaidh turais agus fáilteachais, cruthaítear 'Próifíl Taistil' leictreonach san uirlis úinéara CWT a nglaoitear CWT Portrait. Cuirtear an fhaisnéis phearsanta isteach trí fhothaithe ó na custaiméirí corparáideacha, agus/nó ag an nduine a mbeidh ag taisteal nó bainisteoir taistil údaraithe. Is féidir go mbeidh an fhaisnéis phróifíle faighte chomh maith ó sholáthraí seirbhíse uirlis áirithe (OBT), má chuireann ár gcustaiméirí iarratas ar sheirbhísí ó sholáthraí dá leithéid sin.

Le linn cruinnithe agus ócáidí a heagrú dár gcustaiméirí corparáideacha, próiseálann CWT liosta na ndaoine a mbeidh i láthair lena gcuid faisnéise a fhaightear díreach ó na custaiméirí nó go hindíreach trí sholáthraithe bainistíochta ar líne a raibh roghnaithe ag an gcustaiméir de réir cosúlachta.

Cén úsáid a bhainimid as do shonraí pearsanta?

Bíonn do shonraí pearsanta in úsáid againn chun ár seirbhísí a sholáthar, de réir curtha síos faoinár gcomhaontaithe tráchtála.

Mar shampla, nuair a dhéantar áirithe, próiseálann CWT PNR ina bhfuil na sonraí pearsanta a fuaireamar, in éineacht leis an bhfaisnéis áirithe atá de dhíth uainn chun an t-iarratas taistil a chomhlíonadh, agus, i gcásanna áirithe, le faisnéis bhreise a theastaíonn chun cuspóra comhréireachta le rialacháin taistil áitiúla amhail an Clár Taistil Slán (Secure Flight Program) sna Stáit Aontaithe agus an Córas Faisnéise Phaisinéirí Casta (Advanced Passenger Information System) i bhfeidhm i dtíortha áirithe amhail an Ríocht Aontaithe agus an tSín.

Cá fhad a bhíonn do shonraí pearsanta againn?

Bíonn do shonraí pearsanta á choimeád againn de réir gá chun ár seirbhísí agus comhaontaithe a dhéanamh agus a sholáthar, freagra a thabhairt ar iarratais

ónár gcustaiméirí corparáideacha, agus chun cloí le riachtanais dlíthiúla, ár riachtanais rialacháin a chomhlíonadh amhail dlíthe um thuairisc airgeadais, fadhbanna a réitiú nó éilimh nó dlíthíocht a réitiú.

Cé a fhaigheann d'fhaisnéis phearsanta uainn?

Chun áirithintí taistil agus fáilteachais a dhéanamh, agus i gcomhréir lenár gcleachtais tionsclaíocha taistil, is gá do CWT faisnéis phearsanta a roinnt a raibh bailithe agus próiseáilte (de ghnáth ag PNR) le go leor soláthraithe taistil tríú-pháirtí amhail:

- Soláthraithe seirbhíse taistil an tionscail, m.s. Aerlínte, óstáin, comhlachtaí áirithinte cairr;
- OBTs;
- Soláthraithe seirbhíse sábháilteachta agus slándála;
- Córais Dáileacháin Ginearálta (GDS), is iad sin córais gréasáin ríomhaireachta a chuireann inár gcumas idirbhirt fáilteachais agus taistil a dhéanamh idir soláthraithe seirbhíse taistil an tionscail agus comhlachtaí bainistíochta taistil amhail CWT, trí fhardal fíor-ama comhchruinnithe (le huimhreacha seomraí óstáin, suíocháin eitilte agus carranna ar fáil, srl.);
- Córais áirithinte ríomhaireachta, is iad sin córais a úsáideann soláthraithe seirbhíse (aerlínte, óstáin, srl.) agus a choimeádann fardal (le huimhreacha seomraí óstáin, suíocháin eitilte agus carranna ar fáil, srl.);
- Comhlachtaí íocaíochta le cárta; agus
- Ó am go ham, de réir ár riachtanais rialacháin, comhlachtaí an rialtais amhail an Roinn um Sheirbhísí Tíre (Department of Homeland Services) sna Stáit Aontaithe.

Gan fhaisnéis phearsanta a bhailiú i measc páirtithe an tionscail taistil dá leithéid sin, ní féidir taistil.

Chun cruinnithe agus ócáidí a chur in áirithe agus a bhainistiú dár gcustaiméirí, agus i gcomhréir le cleachtais an tionscail, is gá do CWT faisnéis phearsanta a roinnt le go leor soláthraithe tríú-pháirtí amhail:

- Soláthraithe iompair (carranna, busanna agus cóistí);
- Soláthraithe seirbhíse suaitheantais agus ábhair oifige;
- Soláthraithe lónadóireachta (i gcomhair riachtanais fothaithe);
- Comhlachtaí seirbhíse closamhairc (i gcomhair taispeántais agus comhdhálacha).

Chomh maith leis, úsáideann CWT próiseálaithe údaraithe agus tríú-pháirtí (m.s. Fo-chonraitheoirí) chun bainistíocht a dhéanamh ar uirlisí teicneolaíochta agus bainistíochta agus ar ardáin. Seans go bhfaighfidh conraitheoirí dá leithéid sin rochtain ar do shonraí pearsanta, amháin thar ceann agus faoi réir treoracha CWT, agus ní mór dóibh cloí leis na polasaithe, próisis agus modhanna oibre CWT, agus cloí leis na dlíthe príobháideachta infheidhme.

Is linne an ceart chun sonraí pearsanta a nochtadh más gá de réir an dlí nó má chreidimid le hintinn mhaith go bhfuil an t-aicsean sin riachtanach chun cloí le dlíthe infheidhme.

An aistrítear do shonraí amach ón AE/LEE?

Mar gheall ar nádúr na seirbhísí CWT, déantar aistriúcháin ar shonraí pearsanta trí CWT, trína chleamhnaithe, comhfhiontair agus gréasán comhpháirtithe domhanda chun tacú le seirbhísí a bhaineann le taisteal, amhail ticéidí aerlíne agus árachas a eisiú agus iarratais deisce cabhrach teicniúla, chomh maith le bainistíocht ar chruinnithe agus ócáidí.

I gcás go n-aistrítear sonraí pearsanta chuig, nó go gcoimeádtar iad, i dtíortha nach mbacann le cosaint ar leibhéal cosúil le do thír féin, ghlac CWT, más ábharach, beartais chun leibhéal inghlactha cosanta a chinntiú ar na sonraí aistriithe. Chuige sin, rinneamar comhaontaithe idirchomhlachta cuí maidir le haistriú sonraí bunaithe ar na Clásail Conartha Caighdeánacha Eorpacha (a nglaoitear Clásail Caighdeánacha an AE).

Conas a chinntimid go bhfuil do shonraí pearsanta sábháilte?

Táimid i gcónaí ag cur beartais cuí i bhfeidhm agus á gcothabháil, a bhaineann le bainistíocht, eagraíocht, cúrsaí teicniúla agus slándáil fisiceach chun rúndacht, sláine, infhaighteacht agus athléimneacht a chinntiú dár gcórais a phróiseálann do shonraí pearsanta. Déantar monatóireacht ar na beartais sin chun scriosadh neamhdhleathach, modhnú nó nochtadh d'aon chineál nó rochtain ar do shonraí pearsanta, nó modhanna próiseála neamhdhleathacha eile a chosc.

Comhréireacht leis an bPolasaí seo agus dlíthe um chosaint sonraí

Tá gach eintiteas laistigh den ghrúpa CWT leis an bPolasaí Príobháideachta Domhanda agus Fógra seo tiomanta chun cloí le gach prionsabal príobháideachta agus rialachán infheidhme.

Fógra maidir le Cumarsáid Margaíochta Dhíreach

Nuair a thugann tú cuairt ar shuíomhanna gréasáin agus uirlisí ar líne CWT, is féidir leat i gcónaí gan fhaisnéis áirithe a sholáthar dúinn. Má roghnaíonn tú gan na sonraí teagmhála riachtanacha a sholáthar, is féidir leat fós cuairt a thabhairt ar an gcuid is mó leathanaigh gréasáin CWT, ach seans nach mbeidh tú in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí áirithe a bhaineann lenár n-idirghníomh leat.

Tar éis duit foirm chumarsáide a fháil uainn maidir lenár dtáirgí agus seirbhísí, tá sé sin mar gheall gur iarr tusa nó do chomhlacht an chumarsáid sin nó toisc go gcreidimid go bhfuil an cumarsáid suimiúil duit nó do do chomhlacht. I gcásanna áirithe, bhailigh muid do mhionshonraí ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí nó trí thríú-pháirtí lenar aontaigh tusa nó do chomhlacht maidir le roinnt chun tosaigh. Braithimid ar ár suim chun thú a choinneáil ar an eolas maidir lenár dtáirgí agus seirbhísí, ach mura mian leat cumarsáid mhargaíochta a fháil a thuilleadh, le do thoil, déan clic ar an nasc 'cealaigh síntiús' ag bun na cumarsáide agus ní bheidh do shonraí teagmhála in úsáid sa slí sin níos mó.

Nuair a iarraidimid ar fo-chonraitheoirí tríú-pháirtí bainistíocht a dhéanamh ar ár bhfeachtais margadóchta, déanann siad é sin thar ceann ár gcomhlachta agus faoinár dtreoracha féin, agus cinntimid go gcloíonn siad lenár bpolasaithe féin agus leis na dlíthe príobháideachta infheidhme agus nach n-úsáideann siad do shonraí chun aon chuspóra eile difriúil ón gceann aontaithe.

Mar sholáthraí seirbhíse taistil domhanda, seans go n-aistreoidh muid do shonraí amach ón Aontas Eorpach agus ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Nuair a dhéanaimid amhlaidh le haon tír nach mbacann le cosaint cuí dar leis na Coimisinéirí Eorpacha, déanaimid cinnte go bhfuil aistriúcháin dá leithéid sin bailíochtaithe tríd na Clásail Caighdeánacha Eorpacha aitheanta (a nglaoitear 'Clásail Caighdeánacha Eorpacha'), ionas go bhfuil do chearta ar cosaint.

Beidh faisnéis á choinneáil ag CWT ar feadh tréimhse a bhaineann le cumarsáid mhargaíocht a thabhairt duit, más mian leat, agus/nó chun cloí le hoibleagáidí dlíthiúla, ord Cúirte nó riachtanais rialacháin, agus chun d'iarratas 'cealaigh síntiúis' ó chumarsáid mhargaíochta a chomhlíonadh.

Do Chearta

Tá tú i dteideal cearta áirithe a fháil maidir le do shonraí pearsanta, amhail ceart rochtana ar shonraí a bhailíonn CWT maidir leat, ceart chun ceartuithe a dhéanamh, ceart chun scriosadh, ceart chun diúltú don phróiseáil a dhéantar ar do shonraí pearsanta ar chúiseanna cuí.

Más mian leat leas a bhaint as do chearta, mar shampla iarratas rochtana nó ceartaithe a dhéanamh, le do thoil, déan clic ar an nasc anseo, a thabharfaidh thú chuig ár [bhFoirm SAR](#) chun d'iarratas a phróiseáil.

Táimid ar fáil duit má bhíonn aon cheist agat (le do thoil, úsáid an r-phost teagmhála thíos), aon iarratas nó fadhb, lena n-áirítear gearáin. Beidh muid ag déileáil leo siúd leis an leibhéal cúraim a bhfuil tú i dteideal a fháil uainn. Ar an lámh eile, áfach, mura bhfuil tú sásta leis an slí ina mbíonn ábhair dá leithéid sin á láimhseáil againn, agus ag brath ar an tír ina bhfuil cónaí ort, seans go mbeidh ceart agat gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta um chosaint sonraí.

Faisnéis Teagmhála

Chun dul i dteagmháil le CWT le ceisteanna nó maidir le fadhbanna leis an bPolasaí Príobháideachta Domhanda agus Fógra seo, labhair linn ag globalprivacy@carlsonwagonlit.com.

Tá an polasaí seo faoi réir athruithe. Beidh na hathruithe postáilte ó am go ham ar an suíomh gréasáin seo, só bí cinnte le do thoil an suíomh seo a sheiceáil go minic.